Éasga an oinigh fán aird toir

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 32]

Domhnall Ó hUiginn .cc.

1 Ésga an oinigh fán aird toir,
gearr bhias ’na ésga fhaloigh,
ráinig soin aird an oinigh,
san aird toir a thathoighidh.

2 Gnáth an t-éasga ag éirghe thoir;
don ré nua-so acht go nochtair
budh é tóir glésda Gaoidhiol,
ésga as cóir do chommaoidheamh.

3 Ré cabartha Chláir Gaoidhiol,
dlighid cách a chommaoidheamh;
ar bhfógra an ré naoidhe a-noir,
níorbh é an t-aoighe gan iarraidh.

4 Diúlta comhtha Cláir Eachaidh
mac Aodha, is dá ainbhreathaibh;
fríoth roighne giall ó Ghalluibh,
doilghe riar an Raghnallaigh.

5 Ar Fhiachaidh do bhí ar mbrath,
fear a anma a ttigh Teamhrach,
Éire ar a thí ó tharla,
do bhí ag céile a chomhanma.

6 A n-oighriocht is dóibh dleaghair
do ghabháil ar Gaoidhealuibh;
fonn Banbha do bhaoi ag Galluibh
tarla faoi dá bhfearannuibh.

7 Trom an bhreath bheirios Fiachaidh,
Laighnigh uaidh fá ainfhiachuibh,
dlighidh sé seilbh an tachair
is é a mbeirn ré mBranachaibh.

8 An roinn ghnáth ní ghabhaid sin
do bhí ar Éirinn uair éigin;
deacair roinn riamh ré Galluibh,
Fiadh Floinn is dá fearannuibh.

9 Gabhaid tóir do thaobh oile,
seachnaid oighre ar nAodhoi-ne,
níor ghabh riamh acht tós tachair,

nós do bhiadh ag Branachaibh.

10 Sgél oirdheirc arar cóir cion
fríoth liom ar leatrom Gaoidhiol;
ní bu scél é gan urraidh,
gi-bé fréamh ó [a] bhfuaramair.

11 Magh Tuireadh fá thionól Gall,
Balar is laochraidh Lochlann
d'iarraidh cána fhuinn Éirionn
do dhruim ágha is airdchéimeann.

12 Do ráidh Balar na mbreath tteann:
"Cíos gach aoin d'fhearuibh Éireann,
uinge d'ór ní faláir linn
nó an tsrón d'fhagháil ón inchinn."

13 Fian eachtrann d'iarraidh troda
níor fhulaing Lugh Lámhfhoda
gan dol ar son Chláir Cobhthaigh
do chor áir ar allmhurchaibh.

14 Breith Bhalair a gcéill do chuir
do Ghaoidhiolaibh Chláir Cobhthuigh,
beith do thol an ghléire Gall
nó dol re chéile a gcomhlann.

15 Tarla dhóibh nár dhóigh troda
Gaoidhil is Lugh Lámhfhada;
fá chora seilbhe ar Bhóinn Breagh
slóigh na Beirbhe do braitheadh.

16 Lugh mac Céin nár thim ttachair
do sháraigh a sheanathair,
adhbhar maothchroidhe ag mnáibh Gall
tré ghair laochruidhe Lochlann.

17 Ar lár cáich d'urchar fhada
beantar lé Lugh Lámhfhada
do chosc fiach do Chlár Cobhthaigh
a ttriath san ágh d'allmhurchaibh.

18 Ar eachtrann san treas tárruidh
ó urchar an Ioldánuigh;
feidhm cabhra ar Chlár Cobhthuigh
tarla dh'ágh an aonurchuir.

19 Branuigh fada ag feithiomh ort,
tú, a Fhiacha, fear dá bhfurtacht;

ó tharla dhí broid Balair,
is doid do bhí a mbaramhuil.

20 Tileadh an chláir d’fhiachaibh air
do thaobh imeartha is urchair;
Laighin san áth im Fhiachaidh,
gnáth airigh fá ainfhiachuibh.

21 Ar gcur ghiall Gaoidhiol a nglas
cáin Branach ní hí iarras
fóir líonmhar a gceann a gcean,
geall ó ríoghLugh go réidhteadh.

22 Do thairngir fáidh fada ó shoin
treise Gaoidhiol ar Ghalloibh;
an tairngire ag teacht re a linn,
gan neart ainbhfine ar Éirinn.

23 Cuirthear uaidh dá n-éirghe a-mach
mac Aodha ’s an fhian Bhranach
Clár Cuinn nár chleacht fá chomhthuibh
is beart do dhruim daghorchair.

24 Ná cluinid Goill guirt Midhe
[gearr go ttiocfa an tairngire]
triall ar Fhiachaidh go Bóinn Breagh
’na fhiachuibh dhóibh fá dheireadh.

25 Mac Aodha bhloghas bearnaidh,
do-clos sin a seinleabhraibh,
dá oighreacht gan éra scol,
séla ar oirbheart a athor.

26 Gi-bé a-déradh nár dhligh sin,
dul d’Fhiacha tar clú a chinidh,
go ria minlinn tar in muir
ní bhia inghill ’na aghuidh.

27 Briathra óil gan bheith ’na mbun
gealladh comhluinn fhir t’fhaladh;
ní théid a rún cliachdha a gcion,
a bhriathra ar gcúl do cuiriodh.

28 Ré shoininne nuaidhe a-noir,
ré iomlán oinioch Fhiachaidh;
ní fearr fleadh Oiligh d’ithe,
fear oinigh san impidhe.

29 Bean d’fhionnfhuil fhola Tuathail,

Róis go rogha ríoghnuachair,
bean ar nách bí béim bronnaidh
ag rí don fhréimh Raghnalluigh.

30 Cleachtaidh sí síordháil a cruidh,
buaidh múinte ar inghin Fhiachaidh,
tearc ag mnáibh meadh a croidhe,
an bhean dob áil d’fhiafroighe.

31 Tuig, a Róis, gur uaisle t’fhuil.
geall fíneamhna ag fuil Tuathail;
dob fhiú a clú dhíobh go ndearna,
is tú fíon na fíneamhna.

32 Inghean Fhiacha nár ér scoil,
geall ríoghbhan fhréimhe Tuathail,
Róis ’na meadh d’Eimhir Uladh,
bean a heinigh d’ardughadh.